AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2020
COM(2020) 218 final

2020/0098 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III a ghlacadh, agus maidir le fógra a thabhairt i dtaobh difríochta ó dháta chur i bhfeidhm Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Imleabhar 1, Leasú 40C ar Iarscríbhinn 6, Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3 agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Is leis na ní seo a leanas a bhaineann an togra:

– An cinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle um an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III i gCoinbhinsiún Chicago, leasú a dhéanfaidh EESI i gceann de na seisiúin atá ag teacht aníos.

– An cinneadh maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais tar éis don ICAO Leasú 91 a ghlacadh, leasú ar Iarscríbhinn 10 i litir Stáit ina n-iarrtar ar na Ballstáit fógra míshástachta a thabhairt, nó fógra i leith aon difríocht dá mbeidh ann, nó fógra maidir leis an gcomhlíonadh a dhéanfaidh sé ar an mbeart a glacadh.

– An cinneadh maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i dtaca le Leasú 13- ar Iarscríbhinn 14 — Aeradróim, Imleabhar I — Dearadh agus Oibríochtaí Aeradróim, Leasú 40C ar Iarscríbhinn 6 — Oibriú Aerárthaí — Aeriompar Tráchtála Idirnáisiúnta — Eitleáin, Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 Seirbhísí Faisnéise Aerloingseoireachta mar aon le Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3 — Seirbhísí Meitéareolaíocha le haghaidh na hAerloingseoireachta Idirnáisiúnta maidir leis an bhFormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí, cinneadh ina n-iarrtar ar na Ballstáit fógra a thabhairt faoin difríocht atá ann ó thaobh comhlíonadh an dáta infheidhme, dáta atá le cur siar go ceann 6 mhí, i gcomparáid leis an dáta infheidhme a leagtar amach i litreacha Stáit na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI) a bhaineann leis na cúrsaí seo.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta

Is é is aidhm don Choinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") rialú a dhéanamh ar an aeriompar idirnáisiúnta. An 4 Aibreán 1947 a tháinig Coinbhinsiún Chicago i bhfeidhm, agus is é ba chúis le bunú na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI).

Tá na Ballstáit go léir ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### 2.2. An Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

Is sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe atá san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (EESI). Seo a leanas aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta: prionsabail agus teicnící na haerloingseoireachta idirnáisiúnta a fhorbairt, agus pleanáil agus forbairt an aeriompair idirnáisiúnta a chothú.

Is comhlacht buan de chuid EESI í Comhairle EESI, comhlacht a bhfuil 36 stát chonarthacha ina gcomhaltaí ann, agus is é Comhthionól EESI a thoghann na stáit chonarthacha sin ar feadh tréimhse trí bliana. Tá ionadaithe ó sheacht mBallstát ar Chomhairle EESI le haghaidh na tréimhse 2019-2022.

I measc na bhfeidhmeanna éigeantacha atá ar Chomhairle EESI, feidhmeanna a liostaítear in Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá glacadh na gcaighdeán idirnáisiúnta agus na gcleachtas molta, dhá rud a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

Tar éis ghlacadh na mbeart seo nó a leithéid eile, ní mór do na Stáit EESI fógra míshástachta a thabhairt, sin nó fógra i leith aon difríocht dá mbeidh ann, nó fógra maidir leis an gcomhlíonadh a dhéanfaidh siad ar na bearta sula dtagann siad i bhfeidhm agus sula mbíonn siad ceangailteach ó thaobh dlí de.

## 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta

### *2.3.1. Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III a ghlacadh, sin leasú ar Choinbhinsiún Chicago maidir leis an gCóras Cónasctha Roghnaithe (SELCAL)*

Le linn ceann de na seisiúin atá ag teacht aníos i gComhairle EESI, tá i gceist go nglacfaidh sí Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III ar Choinbhinsiún Chicago maidir leis an gCóras Cónasctha Roghnaithe (SELCAL).

Is éard is feidhm do Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn 10 i gCoinbhinsiún Chicago — Teileachumarsáid Aerloingseoireachta Imleabhar III – Córais Chumarsáide, Cuid II – Córais Chumarsáide Guthaithe, a bhaineann le SELCAL. Maidir le Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, tá fuaimeanna nua ann sa bhreis ar líon na gcód SELCAL atá ann faoi láthair, rud a laghdóidh minicíocht na dtásc bréige i gcró an phíolóta. Is le linn an dara cruinniú de Mheitheal an Ghrúpa Oibre a tugadh Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10 chun cinn, is é sin Grúpa Oibre um Bonneagar Cumarsáide Sonraí an Phainéil Cumarsáide (CP DCIWG/2), agus measadh gan díol conspóide a bheith ann ar an leibhéal teicniúil.

Is dócha go dtiocfaidh Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III i bhfeidhm an 5 Samhain 2022, agus sin í an uair a bheidh sé ceangailteach ó thaobh dlí ar na páirtithe i gCoinbhinsiún Chicago.

### *2.3.2. Dáta chur i bhfeidhm Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí*

In 2016, ghlac an EESI modh oibre nua i leith mheasúnú agus thuairisciú choinníollacha dromchla na rúidbhealaí, modh ar a dtugtar go coiteann an Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí, modh arb éard is cuspóir dó cumasú a dhéanamh ar thuairisciú agus ar mheasúnú chóir dhromchla na rúidbhealaí, agus measúnú feabhsaithe dá réir a bhaint as foireann na heitilte ar an éirí den talamh agus ar an tuirlingt.

An Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua ar Chóir Dromchla na Rúidbhealaí atá ag EESI, Formáid a bheidh i bhfeidhm ón 5 Samhain, is í an Fhormáid sin atá á beartú le Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14 — Aeradróim, Imleabhar I — Dearadh agus Oibríochtaí Aeradróim, Leasú 40C ar Iarscríbhinn 6 — Oibriú Aerárthaí — Aeradróim — Aeriompar Idirnáisiúnta Tráchtála — Eitleáin, Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3 — An tSeirbhís Mheitéareolaíochta don Aerloingseoireacht Idirnáisiúnta agus le Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 Seirbhísí Faisnéise Aerloingseoireachta.

De dheasca phaindéim COVID-19, ní indéanta feasta Formáid Thuairiscithe nua EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais an uair a bhí sin á bheartú ag EESI an chéad lá, agus dá bhrí sin is dócha go gcuirfidh an Coimisiún an dáta sin ar atráth ar leibhéal an Aontais trí bhíthin leasuithe comhfhreagracha ar na Rialacháin ábhartha ón gCoimisiún[1]. I láthair na huaire, ní fios an gcuirfidh Comhairle EESI mír ar chlár

[1] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht, rialachán lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE)

oibre an 220ú nó an 221ú seisiún, mír a d'fhágfadh gurbh fhéidir dáta chur i bhfeidhm Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí a chur ar atráth, ná má chuireann ní fios cén cinneadh a ghlacfaidh Comhairle EESI i leith na ceiste. Dá bhrí sin, má tharlaíonn do Chomhairle EESI gan an dáta sin a chur ar atráth in am trátha, is cuma cén fáth, ní mór a áirithiú go dtabharfaidh na Ballstáit fógra difríochta maidir leis an atráth a ghlacfaidh an tAontas, más ann do dhifríocht.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III

*3.1.1. Na príomhathruithe atá le tabhairt isteach le Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, agus an gaol atá acu le rialacha reatha an Aontais*

Is é príomhathrú a bheidh ann leis an togra um Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III fuaimeanna nua a thabhairt isteach sa bhreis ar líon na gcód SELCAL atá ann faoi láthair, rud a laghdóidh minicíocht na dtásc bréige i gcró an phíolóta. Na tréithe córais atá ag roinnt le SELCAL, is tréithe iad ba mholtaí an chéad lá, moltaí a ullmhaíodh sa 1950í nuair nárbh fhéidir gealltanas a thabhairt faoi leibhéil feidhmíochta shonracha. An trealamh atá á mhonarú ó na 1970í, is fearr a chomhlíonann sé na ceanglais sin, agus dá bhrí sin ba cheart cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na gceanglas a aithint ar mhaithe le sábháilteacht agus rialtacht na loingseoireachta idirnáisiúnta. Mar sin féin, an moladh maidir leis an imchlúdach modhnaithe, is moladh é a roinneadh ina chaighdeán agus ina mholadh, mar is é an cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an t-aon chuid de is díol cobhair.

Tá sásra á chur ar fáil ag EESI chomh maith, sásra trínar féidir fuaimeanna nua a thabhairt isteach agus gan ach an tionchar íosta a imirt ar oibreoirí na n-aerárthaí. Is saoire an chéad trealamh ar tír, trealamh a fhágfaidh gur céim ar chéim a fhéadfar an tsuiteáil a dhéanamh ar na haerárthaí, suiteáil a dhéanfar le linn thógáil an eitleáin den chuid is mó.

Admhaíonn an tAontas go bhféadfadh ganntanas a bheith sna cóid a shanntar d'aerárthach, agus dar leo go bhféadfaí an ganntanas sin a leigheas ach cur le líon na gcarachtar is féidir a úsáid sa chód SELCAL a shanntar d'aerárthaí nua.

Is amhlaidh is beag suntas atá ag gabháil le SELCAL i seirbhísí aerloingseoireachta na hEorpa. Mar sin féin, is meán cumarsáide atá ann, tá bealach caighdeánach ann lena chomhdú sa phlean eitilte, agus tharlódh go n-iarrfadh roinnt oibreoirí aerárthaí ar aonad seirbhísí aerthráchta é a úsáid i gcásanna áirithe. Is rí-annamh a tharlaíonn sin áfach.

---

Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010, IO L 281, 13.10.2012, lch 1.

Rialachán (AE) Uimh 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 ina leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 44, 14.2.2014. lch. 1.

Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh.1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 IO L 62, 8.3.2017, lch. 1.

Tá SELCAL luaite in ábhar treorach EASA, i liosta de na réitigh fhéideartha atá ann, i Rialachán (AE) Uimh. 923/2012 agus i Rialachán (AE) 2020/469 lena leasaítear Iarscríbhinn IV — Páirt-ATS de Rialachán (AE) 2017/373.

Maidir le Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, is iad is mó atá i gceist ann na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta (ANSP) a chuireann seirbhísí ar fáil i réigiún EESI an Atlantaigh Thuaidh (NAT), an t-aerspás aigéanda os cionn an Aigéin Atlantaigh, sin agus seirbhísí an Bhainisteora Líonra chomh maith, go mór mór an Córas Comhtháite um Thúsphróiseáil Pleananna Eitilte (IFPS). Na feabhsuithe teicniúla is gá, beidh ar na soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta ábhartha na feabhsuithe sin a shuiteáil. Beidh ar an mBainisteoir Líonra an Córas Comhtháite um Thúsphróiseáil Pleananna Eitilte (IFPS) a uasghrádú le go bhféadfaidh an córas glacadh leis na cóid SELCAL nua ionas nach ndiúltófar do na pleananna eitilte de dheasca an cód a bheith gan aithint.

Tá tagairt i bpointe (c) CNS.TR.100 i Rialachán (AE) 2017/373 'Modhanna oibre agus nósanna imeachta oibriúcháin le haghaidh soláthraithe cumarsáide, loingseoireachta nó faireachais' do EESI Iarscríbhinn 10, Imleabhar III anall chuig Leasú 89, Leasú 89 san áireamh, agus theastódh leasú cuí air ar leibhéal an Aontais.

## 3.2. Formáid Dhomhanda Tuairiscithe nua ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí

### *3.2.1. An dáta chur i bhfeidhm le haghaidh Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua an EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí*

An fiosrú a dhéantar ar thionóiscí, is éard a thugann sé le fios nach caighdeáin chomhchuibhithe atá sna caighdeáin i leith chóir dhromchla na rúidbhealaí, agus is eol dúinn dá bharr gur suntasach an tionchar atá aige sin ar a mhinice a tharlaíonn iomrall an rúidbhealach amach, go háirithe nuair is fliuch nó nuair is neamhghlan don rúidbhealach. Dá bhrí sin, tá leasú déanta ag EESI ar roinnt de na Caighdeáin agus Cleachtais Mholta (SARPanna) i roinnt de na hIarscríbhinní i gCoinbhinsiún Chicago. I gcás cuid de na leasuithe sin, bhí oiriúnú le déanamh ar dhlí an Aontais faoi mar atá sé i láthair na huaire. An gá a bhí leis an oiriúnú sin, tá a shliocht cheana féin ar ghníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe ón gCoimisiún[2].

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2020/469 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012, Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 agus Rialachán (AE) 2017/373 maidir le ceanglais i dtaca le bainistiú aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta, dearadh struchtúr an aerspáis agus cáilíocht sonraí, sábháilteacht rúidbhealaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 73/2010, IO L 104, 3.4.2020, lch. 1.
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha coiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht, rialachán lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (AE) 1033/2006 agus (CE) Uimh. 255/2010, OI L 281, 13.10.2012, lch 1.
Rialachán (AE) Uimh 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 ina leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 44, 14.2.2014. lch. 1.
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh.1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 IO L 62, 8.3.2017, lch. 1.

Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3, Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Leasú 40 ar Iarscríbhinn 6 agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 i gCoinbhinsiún Chicago, leasuithe arb éard is cuspóir dóibh laghdú a chur ar líon na dtionóiscí ar an rúidbhealach agus ar líon na rúideanna iomraill amach, is leasuithe iad a ghlac Comhairle EESI i rith 2016, agus is ón 5 Samhain 2020 is infheidhme dóibh. Cuireadh na leasuithe sin i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais sna Rialacháin Cuir chun Feidhme (AE) 2020/469 agus 2019/1387.

Mar sin féin, de dheasca na moille sa chur chun feidhme arb é COVID-19 is cúis léi, agus mar fhreagairt ar an easpa acmhainní atá ar na húdaráis inniúla agus ar na hoibreoirí lena mbaineann araon, is rún don Choimisiún dáta chur i bhfeidhm ghníomhartha ábhartha chur chun feidhme agus tarmligthe an Choimisiúin a chur ar atráth go ceann 6 mhí.

### 3.3. An seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais

#### *3.3.1. Maidir le glacadh Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III*

Is é an seasamh atá beartaithe thar ceann an Aontais i gComhairle EESI tacú ina iomláine le Leasú 91 atá á bheartú ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III d'Iarscríbhinn 10. Dá bhrí sin, tar éis do Chomhairle EESI é a ghlacadh, agus tar éis fógra ina leith i litir Stáit, is é seasamh an Aontais gur cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi chomhlíonadh an bhirt a glacadh.

#### *3.3.2. Maidir le dáta chur i bhfeidhm Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí*

Maidir le cur chun feidhme Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí, is mar seo a leanas an seasamh atá beartaithe ag an Aontas, mar cé go dtacaíonn sé leis go hiomlán, ní mór a chur san áireamh freisin, de dheasca COVID-19, gur deacair do na Ballstáit, agus do na hoibreoirí lena mbaineann, iad a chur chun feidhme de réir mar is déanta dóibh faoi rialacha EESI i láthair na huaire:

- má tharlaíonn nach gcuirtear ceist na sprice nua ar chlár oibre Chomhairle EESI le linn an 220ú nó an 221ú seisiún, nó má tharlaíonn nach nglacann Comhairle EESI le hátrath na sé mhí, is é seasamh ba cheart don Aontas fógra faoi dhifríochtaí a thabhairt ar fhaitíos go gcuirfí an sprioc atá beartaithe sa dlí AE ábhartha ar atráth go ceann 6 mhí. Tabharfaidh Ballstáit an Aontais fógra faoi dhifríocht, agus cuirfidh siad EESI ar an eolas faoi moill 6 mhí a bheith ar an gcur chun feidhme i.e. comhlíonadh ar Fhormáid Tuairiscithe Domhanda nua EESI ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht a chuirtear ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe'.

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE, bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[3].

[3] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

Áirítear ar na *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo'* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtaíocht an Aontais Eorpaigh*'[4].

*4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle um Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a bunaíodh de chomhaontú, mar atá an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta.

Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, leasú a iarrtar ar an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta a ghlacadh, is gníomh oifigiúil é an leasú sin a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Tá éifeachtaí dlíthiúla aige toisc go n-athraíonn sé roinnt caighdeán, caighdeáin lenar féidir oibleagáid cheangailteach dlí a chruthú faoin dlí idirnáisiúnta.

Chomh maith leis sin, leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, is leasú é a dhéanann caighdeán de "mholadh" agus íosghrádú ar chaighdeán ina "mholadh". Ainneoin na hainmníochta, is é is dual do na "moltaí" ná athrú a chur ar an staid dhlíthiúil atá ann faoi na caighdeáin atá cheana. An t-athrú sin ar stádas na bhforálacha, is athrú é a leagfaidh oibleagáidí éagsúla ar na Stáit.

Maidir le fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí i ndáta chur i bhfeidhm Fhoirmle Tuairiscithe Domhanda nua EESI don Fhormáid Dhomhanda Tuairiscithe nua ar Chóir Dhromchla na Rúidbhealaí, d'áiritheofaí le comhsheasamh an Aontais go dtabharfadh na Ballstáit uile fógra faoi dhifríochtaí laistigh de raon an chinnidh seo, cinneadh a eascraíonn as inniúlacht eisiach an Aontais agus, dá bhrí sin d'áiritheofaí go gcomhlíonfadh sé Airteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago ionas nach measfaí go bhfuil siad ag sárú a gcuid oibleagáidí a eascraíonn as Coinbhinsiún Chicago.

Ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú de thoradh na leasuithe sin.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, is ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a bhraitheann sé go príomha, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh ina leith thar ceann an Aontais. Más dhá aidhm a shaothraítear leis an ngníomh atá beartaithe, nó má tá dhá chomhpháirt ann, agus más féidir ceann de na haidhmeanna sin nó ceann de na comhpháirteanna sin a shainaithint ina príomhaidhm nó ina príomh-chomhpháirt, agus an ceann eile ina haidhm nó ina comhpháirt theagmhasach, is ar bhunús substainteach dlí aonair a chaithfear an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas iompair a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar na ngníomhartha atá beartaithe.

[4] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE an bunús substainteach dlí atá leis an nós imeachta don chinneadh atá á bheartú.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí don chinneadh atá a bheartú.

2020/0098 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta i leith Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III a ghlacadh, agus maidir le fógra a thabhairt i dtaobh difríochta ó dháta chur i bhfeidhm Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Imleabhar 1, Leasú 40C ar Iarscríbhinn 6, Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3 agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Aibreán 1947 a tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (“Coinbhinsiún Chicago”) i bhfeidhm, Coinbhinsiún lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta. Is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) Is stáit chonarthacha de Choinbhinsiún Chicago iad na Ballstáit, agus is comhaltaí de EESI iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe EESI.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, féadfaidh Comhairle EESI caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta a ghlacadh.

(4) Le linn ceann de na seisiúin atá ag teacht aníos i gComhairle EESI, tá i gceist go nglacfaidh sí Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III ar Choinbhinsiún Chicago maidir leis an gcóras cónasctha roghnaithe (SELCAL).

(5) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhairle EESI a bhunú, ós amhlaidh gur ceangal ar an Aontas a bheidh i Leasú molta 91 ar Iarscríbhinn 10, agus ós féidir leis tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, mar atá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún[5]. A luaithe a ghlacfar an Leasú, beidh sé ceangailteach ar gach Stát EESI, lena n-áirítear na Ballstáit ar fad, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago, agus laistigh de na teorainneacha sin. Ceanglaítear le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago ar Stáit chonarthacha fógra a thabhairt do EESI, más rún leo imeacht ó chaighdeán, faoin sásra i leith fógra a thabhairt faoi dhifríochtaí.

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh.1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

(6) Is é príomhfheidhm atá le Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III fuaimeanna nua a thabhairt isteach chun líon na gcód SELCAL atá le fáil a mhéadú, rud a laghdóidh minicíocht na dtásc bréige i gcró an phíolóta. Tagann ann d'athruithe dá bharr freisin, athruithe maidir le saintréithe an chórais, agus tá foráil ann le haghaidh sásra le cóid nua a thabhairt isteach, cóid nach n-imreodh ach an tionchar íosta ar oibreoirí aerárthaí.

(7) Is láidir a thacaíonn an tAontas leis an dícheall a dhéanann EESI le feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta, rud is féidir a áirithiú trí sheirbhísí cruinne sábháilte a sholáthar i réimse na heitlíochta, na loingseoireachta, agus an fhaireachais. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas tacú leis na leasuithe thuasluaite.

(8) Seasamh an Aontais le linn ceann de na seisiúin atá ag teacht aníos i gComhairle EESI, seisiún maidir le Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III, is seasamh é atá le cur in iúl ag na Ballstáit de chuid an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach thar ceann an Aontais.

(9) Maidir le seasamh an Aontais tar éis do Chomhairle EESI Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10 a ghlacadh, rud atá le fógairt ag Ardrúnaí ICAO trí nós imeachta litreach stáit de chuid EESI, ba cheart a bheith d'aidhm ag an seasamh sin fógra a thabhairt maidir le comhlíonadh an leasaithe, agus tá sé le cur in iúl ag Ballstáit uile an Aontais.

(10) In 2016, ghlac Comhairle EESI leasuithe ar roinnt iarscríbhinní i gCoinbhinsiún Chicago, leasuithe arb éard ab aidhm dóibh laghdú a chur ar líon na dteagmhas agus na dtimpistí a bhaineann le fágáil an rúidbhealaigh. Is sna litreacha Stáit AN 4/1 2.26-16/19, AN 2/2.4 – 16/18, AN 10/1.1 – 16/17 agus AN 11/1.3.29-16/12 atá foráil na leasuithe sin, agus beidh siad infheidhme i Stáit Chonarthacha ón 5 Samhain 2020 amach ("na Leasuithe").

(11) Is láidir a thacaíonn an tAontas leis an dícheall a dhéanann EESI le feabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta. Is athruithe iad seo a thugann isteach modheolaíocht chomhchuibhithe nua le measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an gcóir a bhíonn ar an rúidbhealach, agus laghdóidh siad an riosca go sleamhnóidh an t-eitleán den rúidbhealach ag tuirlingt dó de dheasca sneachta, oighear, praiseach sneachta nó uisce.

(12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1397[6] ón gCoimisiún agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469[7] ón gCoimisiún, ionchorpraítear na leasuithe sin i ndlí an Aontais.

(13) I gcomhréir le dáta chur i bhfeidhm na Leasuithe, beidh feidhm le páirt de Rialacháin Chur chun feidhme (AE) 2020/469 agus 2019/1387 ón 5 Samhain 2020. Mar sin féin, ní beag a chuaigh COVID-19 i gcion ar dhícheall na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí eitlíochta in ullmhú chur i bhfeidhm na mbeart nua, bearta a liostaítear i Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3, Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Leasú 40 ar Iarscríbhinn 6, agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 i gCoinbhinsiún Chicago.

(14) Thar aon ní, an gaibhniú agus an pháirtfhostaíocht a bhí ar na foirne oibre, maille leis an obair bhreise a bhí le déanamh i mbainistiú na n-iarmhairtí diúltacha suntasacha a chuir COVID-19 ar na geallsealbhóirí uile, is bac ar an dul chun cinn a bhí iontu.

(15) Tá ag dul rite do na húdaráis inniúla agus do na hoibreoirí araon ullmhú a dhéanamh le haghaidh chur chun feidhme na Leasuithe. Dá bhrí sin, b'fhéidir go gcaithfear an dáta

6 IO L 229, 5.9.2019, lch. 1
7 IO L 104, 3.4.2020, lch. 1

cur i bhfeidhm dá bhforáiltear i Rialacháin Cur chun Feidhme (AE) 2020/469 agus 2019/1387 a chur siar go ceann 6 mhí.

(16) Mura gcuirfidh Comhairle EESI dáta chur i bhfeidhm na Leasuithe ar atráth go ceann 6 mhí, le linn do dhlí an Aontais dáta chur i bhfeidhm na gcaighdeán ábhartha de chuid EESI a chur ar atráth go ceann 6 mhí, is é seasamh ba cheart don Aontas fógra difríochta a thabhairt, i gcomhréir le hAirteagal 38 de Choinbhinsiún Chicago, agus é a chur in iúl do EESI gur rún dó dáta chur i bhfeidhm na Leasuithe a chur ar atráth go ceann 6 mhí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tacú le Leasú 91 atá á bheartú ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago") ina iomláine, ag sin an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gceann de na seisiúin atá ag teacht aníos i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ("EESI").

Is é an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais tar éis do Chomhairle EESI Leasú 91 ar Iarscríbhinn 10, Imleabhar III i gCoinbhinsiún Chicago a ghlacadh, fógra a thabhairt maidir le comhlíonadh an bhirt a glacadh mar fhreagra ar an litir ó stát ICAO lena mbaineann.

*Airteagal 2*

Mura gcuirfidh Comhairle EESI ar atráth dáta chur i bhfeidhm Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3, Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Leasú 40 ar Iarscríbhinn 6 agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 i gCoinbhinsiún Chicago, agus má leasaíonn an tAontas Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 agus 2019/1387 agus Rialachán Tarmligthe C(2020)710 final[8] le moill 6 mhí a chur ar a gcur i bhfeidhm, tabharfar fógra faoi dhifríocht chomhfhreagrach ó dháta chur i bhfeidhm Leasú 77B ar Iarscríbhinn 3, Leasú 13 ar Iarscríbhinn 14, Leasú 40 ar Iarscríbhinn 6 agus Leasú 39 ar Iarscríbhinn 15 i gCoinbhinsiún Chicago go ceann 6 mhí.

*Airteagal 3*

Na Ballstáit de chuid an Aontais ar comhaltaí de Chomhairle EESI iad, is iad a chuirfidh in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1(1).

Na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus Airteagal 2, is seasaimh iad a ndéanfaidh na Ballstáit ar fad a gcur in iúl.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

8 Rialachán Tarmligthe C (2020) 710 final ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 maidir le sábháilteacht an rúidbhealaigh agus sonraí aerloingseoireachta.